









# An Painéal Saoránach Eorpach maidir leis an bhFuath sa tSochaí a Chomhrac

*Achoimre ar Sheisiún 2*

[26-28 Aibreán 2024]

# I mbeagán focal...

## Cé na gníomhaíochtaí tosaíochta is gá a dhéanamh chun dul i ngleic leis an bhfuath?

Is iondúil go mbíonn dúshlán i gceist leis an dara seisiún de Phainéal Saoránach Eorpaigh, agus ní eisceacht a bhí sa dara seisiún den Phainéal 'An Fuath sa tSochaí a Chomhrac'! Bhí an seisiún ar siúl go hiomlán ar líne ar an ardán Interactio, agus chuir na rannpháirtithe leis an bplé i ngach teanga de chuid an Aontais a bhuí le hobair mhór na n-ateangairí cianda.

Léirigh na saoránaigh arís a dtiomantas daingean don ábhar tráthúil casta seo. I Seisiún 1, d'aithin na saoránaigh na cúiseanna a bhíonn leis an bhfuath, agus phléigh siad, i measc ceisteanna eile, neamhionannais shóisialta agus eacnamaíocha, piarbhrú, mífhaisnéis, agus an deighilt sa dioscúrsa polaitiúil. Ba é sprioc an dara seisiún tuilleadh plé a dhéanamh ar na réimsí gníomhaíochta chun dul i ngleic leis an bhfuath: conas an fuath a chosc agus conas freagairt air. Sa seisiún seo, rinne saoránaigh a gcuid oibre maidir le smaointe praiticiúla a fhorbairt a thuilleadh. Is féidir súil siar ar an deireadh seachtaine a léamh thíos!

# Príomhphointí ón dara seisiún

Nuair a bhí na saoránaigh ag cur tús lena gcuid oibre, bhí aoichainteoirí agus baill den Choiste Eolais ar fáil chun a gcuid tuairimí a roinnt agus comhairle a chur ar fáil dóibh maidir leis an dul chun cinn. Seo thíos roinnt samplaí suimiúla ón méid a bhí le rá acu.

### " Tá sibh ag caitheamh go cúramach leis an bhfadhb, tá tuairimí agus taithí saoil éagsúil agaibh, agus tá bhur gcroí oscailte."

Mhol **Richard Kuehnel, Stiúrthóir Ionadaíochta agus Cumarsáide sna Ballstáit ag an gCoimisiún Eorpach (AS COMM)** an obair a rinne na saoránaigh le linn an chéad sheisiúin. "*Bainfear fónamh as na smaointe atá á bhforbairt agaibh chun obair an Choimisiúin Eorpaigh nua agus reachtaíocht na hEorpa a threorú amach anseo.*" Rinne **Robin Sclafani, Stiúrthóir CEJI**, ón gCoiste Eolais tagairt do na dúshláin atá roimh institiúidí agus rialtais na hEorpa maidir le dul i ngleic le coireanna fuatha. Leag sí béim ar fháinne fí an chlaonta a bhíonn ina cúis leis an idirdhealú, le bagairtí agus leis an bhforéigean, rudaí a mbíonn drochthionchar acu ar an bpobal agus as a n-eascraíonn idirdhealú sistéamach i seirbhísí, i gcúrsaí tithíochta agus san oideachas.

### Dul i ngleic leis an bhfuath le sraith luachanna coiteanna agus tacaíocht ón Aontas

Luaigh **Daris Lewis Recio, Oifigeach Beartais agus Dlí ag Equinet**, an taithí ilchineálach atá ag daoine ar fud na hEorpa ar an bhfuath, agus leag sé béim ar an tábhacht a bhaineann le maoirseacht ón Aontas chun a chinntiú go gcloíonn na Ballstáit lena gcuid gealltanas i leith an fhuatha. Labhair **Jelena**

**Jovanovic, Comhordaitheoir an Idirghrúpa um an bhFrithchiníochas agus um an Éagsúlacht ag Parlaimint na hEorpa**, faoin nasc idir na scéalta a roinneadh ar fud Bhallstáit an Aontais, agus chuir sí in iúl na dúshláin chomhroinnte atá ann agus an gá atá le tacaíocht ón Aontas trí mhaoiniú, cláir agus beartais. Leag sí béim bhreise ar a thábhachtaí atá sé dlíthe an Aontais a chur i bhfeidhm ag an leibhéal áitiúil, agus róil na gceannairí áitiúla, ar nós maoracha, maidir le luachanna an Aontais a chothú agus ullmhúcháin a dhéanamh i leith na ndúshlán a bheidh ann amach anseo maidir le dul i ngleic leis an bhfuath ag leibhéil éagsúla - is iad sin, leibhéal na hEorpa, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal áitiúil.

### “Cuirtear an fuath ar aghaidh ó ghlúin go glúin"

Labhair **Valérie Rosoux, Stiúrthóir Taighde ag FNRS agus Ollamh ag UC Louvain**, faoi sheachadadh an fhuatha ó ghlúin go glúin: “*Cé go ndéantar an mothúchán féin a sheachadadh go slán, ní chuirtear comhthéacs an fhuath ar aghaidh.*” Rinne sí cur síos ar chéimeanna áirithe is féidir a thógáil ar an leibhéal polaitiúil, ar leibhéal na sochaí sibhialta agus ar leibhéal an duine aonair chun an fuath a chomhrac. “*Tógann sé am chun an fuath a chloígh, ach is féidir é a shárú i gcónaí*,” a dúirt sí.

## Plé maidir leis an bhfuath a chosc agus a fhreagairt

Le linn Sheisiún 2, thug na saoránaigh aghaidh ar dhá phríomhghné a bhaineann le hábhar an fhuatha: cosc agus freagairt. Cé nach féidir cur síos a dhéanamh ar gach plé de chuid an ghrúpa oibre, déantar cur síos anseo thíos ar na príomhphointí a chuir an Coiste Eolais, na haoichainteoirí seachtracha agus saineolaithe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh in iúl. Pléann an chéad ghné (**dul i ngleic leis na cúiseanna sochaithe agus cultúrtha leis an bhfuath**) leis an oideachas, leis an bhfeasacht shóisialta, le rannpháirtíocht saoránach, agus le neamhionannais eacnamaíocha agus shóisialta. Pléann an dara gné (**dul i ngleic leis an bhfuath ina fhoirmeacha agus comhthéacsanna éagsúla**) leis na meáin agus dioscúrsaí, leis an timpeallacht dhigiteach, leis an gcuntasacht phoiblí agus le forfheidhmiú an dlí.

### Dul i ngleic leis na cúiseanna sochaithe agus cultúrtha leis an bhfuath

- **Tá ról ríthábhachtach ag an oideachas, bíodh sé foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, maidir le meon na sochaí i dtreo an fhuatha a mhúnlú, agus maidir le pobal atá níos cuimsithí agus níos tuisceanaí a chur chun cinn.**

D’aithin na saoránaigh go bhfuil an t-oideachas ar cheann de na príomhréimsí gníomhaíochta chun dul i ngleic leis an bhfuath. Chuir **Kuany Kiir Kuany, Oifigeach Tionscadal ag Roinn UNESCO um an tSaoránacht Dhomhanda agus an Oideachas Síochána**, in iúl go láidir nach mbaineann an t-oideachas leis an seomra ranga amháin, agus gur próiseas leanúnach é a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis maidir leis an bhforbairt phearsanta agus an comhtháthú sóisialta. Labhair sé faoi nádúr polaitiúil an oideachais, agus leag sé béim ar ról an oideachais maidir le dul i ngleic leis an bhfuathchaint agus neamhionannais shóisialta a laghdú. Dhírigh **Willem Wagenaar, Taighdeoir ag Anne Franke Stichting**, ar na bealaí is féidir an t-oideachas a úsáid go praiticiúil chun dul i ngleic leis an bhfuath, agus rinne sé

tagairt do dhea-shampla an spóirt, agus dhírigh sé ar fheachtais chun oideachas a chur ar leantóirí sacair faoi thionchar na fuathchainte.

Bhí an méid seo le rá ag **Ingrid Bellander Todino, Ceann Aonaid, an tAonad Beartais um Chearta Bunúsacha, Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh um Cheartas agus Tomhaltóirí (AS JUST)**, maidir leis an oideachas ar feadh an tsaoil: *"Is ceist bhunúsach í seo sa chomhrac i gcoinne an fhuatha. Sa réimse seo, níl aon tionchar ag an Aontas ar an gcuraclam oideachais. Ina ainneoin sin, tá deiseanna maoinithe ar fáil dúinn ar nós Erasmus+, lena bhféadfaidh mic léinn agus gairmithe a gcuid smaointe a mhalartú, agus cur lena dtaithí saoil agus a bheith níos leathanaigeanta".* Thug **Manos Tsakiris**, **Ollamh le Síceolaíocht, Ollscoil Londain,** le fios go mbíonn níos mó i gceist leis an oideachas ná an scolaíocht thraidisiúnta. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an oideachas iomlánaíoch maidir le léiriú mothúchán agus cumarsáid neamhfhoréigneach a chothú.

- **Easaontas sa tsochaí a chosc leis an gcothroime agus leis an rannpháirtíocht.**

Rinne **Federico Faloppa, Teangeolaí ó Ollscoil Reading**, plé ar dhinimic na fuathchainte, agus d'aithin sé ceithre ról a d'fhéadfadh a bheith ag daoine aonair: daoine a ionsaítear, finnéithe, déantóirí na coire, agus iad siúd atá ar an eolas faoin bhfuathchaint. Mhol sé rannpháirtíocht an phobail agus an ceartas aisiríoch mar bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar an bhfuathchaint agus chun í a mhaolú. Ar an gcaoi chéanna, labhair **Juliana Santos Wahlgren, Stiúrthóir ag an Líonra Eorpach Frithbhochtaineachta**, faoin nasc idir an bhfuath agus neamhionannanais shóisialta agus eacnamaíocha. Leag sí béim ar an ngá atá le cothroime sa bheartas poiblí agus dáileadh cothrom acmhainní chun easaontas sa tsochaí a chosc.

## Dul i ngleic leis an bhfuath ina fhoirmeacha agus comhthéacsanna éagsúla

- **Fadhb na hanaithnideachta ar líne: príobháideachas nó rochtain ar shonraí?**

Mar a mhínigh **Menno Cox, Ceann Earnála ag AS CONNECT**, is rialachán láidir é Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) an Aontais Eorpaigh a dhíríonn ar ardáin mhóra ar líne, lena gcuirtear beartais trédhearcachta agus frith-idirdhealaithe i bhfeidhm ar fud Bhallstáit an Aontais. Déantar sainordú sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha maidir le measúnuithe agus freagairtí ar ábhar a bhféadfadh foréigean nó tionchair mheabhairshláinte a bheith mar thoradh air, agus díríonn an Gníomh go mór ar an bhfuathchaint neamhdhleathach a aithint agus a chosc chun sábháilteacht úsáideoirí a fheabhsú.

Labhair **Martin Sacleux, Oifigeach Beartais ag Aonad Beartais um Chearta Bunúsacha an Choimisiúin Eorpaigh, AS JUST**, faoi na dúshláin a bhaineann leis an anaithnideacht a rialú ar an idirlíon. Dar leis, is éard atá i gceist le coincheap na hanaithnideachta cothromaíocht a bhaint amach idir an ceart bunúsach chun príobháideachais agus an chosaint sonraí faoi dhlí an Aontais. Leag sé béim ar an ngá leanúnach atá ann an chothromaíocht íogair sin a bhaint amach, go háirithe i gcásanna ina bhfuil gníomhaíochtaí coiriúla i gceist ina bhféadfadh sé go mbeidh gá ag údaráis forfheidhmithe rochtain a fháil ar shonraí.

Tá an Coimisiún Eorpach ag obair i dtreo rialacháin shoiléire a leagan amach, lena rangófaí gníomhaíochtaí áirithe ar líne mar chionta coiriúla, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chasta

a bhaineann leis an anaithnideacht ar líne agus na himpleachtaí atá aici don phríobháideachas agus don tslándáil araon. Rinne **David Marin Abanades, Cigire leis na Póilíní** as Fuenlabrada na Spáinne, cur síos ar na deacrachtaí a bhaineann le dul i ngleic le coireanna fuatha, a bhfuil difear mór eatarthu i ndlínsí éagsúla. Leag sé béim ar a thábhachtaí atá sé sainmhíniú a leagan amach ar cad is coir fuatha ann i ngach Ballstát.

- **An dúshlán a bhaineann leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus le cosaint íospartach**

Labhair **Margarita S. Ilieva ,dlíodóir neamhspleách um chearta an duine**, faoi íospartaigh agus iad siúd a labhraíonn amach i gcoinne an fhuatha a chosaint. Ar an dul céanna leis na haoichainteoirí eile, leag sí béim ar a thábhachtaí atá sé cothromaíocht a aimsiú idir an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an gá atá ann an cos ar bolg sistéamach agus coireanna fuatha a chosc. D'iarr sí rochtain níos fearr ar an gceartas d'íospartaigh, bearta réamhghníomhacha i gcoinne athíospartha, agus cosaint níos fearr do chosantóirí chearta an duine, dlíodóirí, iriseoirí agus baill eagraíochtaí éagsúla san áireamh, chun sochaí shábháilte agus ómósach a chothú.

- **"Léirítear nádúr an daonlathais i bhur gcuid oibre"**

Ar deireadh, mhol **Irina Moozova, Leas-Ardstiúrthóir ar Ghné Idirnáisiúnta an Bheartais Cheartais, an Smachta Reachta agus an Chomhionannais ag AS JUST** na rannpháirtithe as a ndíograis agus as a dtiomantas, tréithe a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo chun cinntí Eorpacha a iompú ina ngníomhaíochtaí praiticiúla ar an láthair.

**Cliceáil anseo chun féachaint ar thaifead sheisiún iomlánach an**

## Conas mar a d'éirigh le Jean-Luc (FR)

### Conas mar a bhí an deireadh seachtaine ar líne?

"D'éirigh go maith liom ag an deireadh seachtaine sa bhaile, go háirithe agus na leanaí ag fiafraí céard a bhí ar siúl ag Deaide. Thosaigh muid ag dul isteach san ábhar ar bhealach níos doimhne, go háirithe sna pléghrúpaí maidin Dé Sathairn agus maidin Dé Domhnaigh. Bhí muid in ann ár gcéad smaointe a chomhroinnt leis na grúpaí

### Conas mar a bhí na pléití?

"Bhí atmaisféar an-chairdiúil sna grúpaí. Dhírigh muid ar cheist an oideachais den chuid is mó, agus ar na bealaí ar féidir scileanna sóisialta a fhorbairt chun an éirim mhothúchánach, an daonnacht agus ár gcur amach ar chultúir agus reiligiúin eile a fhorbairt. Tá sé tábhachtach ár luachanna coiteanna a chomhroinnt chun claontacht agus steiréitíopaí a

### Cad é buaicphointe an deireadh seachtaine a bhí agat?

"Chuidigh an seisiún seo linn an treo atáimid ag dul leis na smaointe a bhí againn a shoiléiriú. Tá súil agam go mbeidh ciall lenár gcuid réiteach agus go mbeifear in ann iad a úsáid chun cur le hobair an Choimisiúin Eorpaigh. Sin ráite, tá go leor oibre fós le déanamh sula mbeimid in ann moltaí deireanacha


eile, chun a raibh ag teacht chun cinn i ngach grúpa roinnt le cách."


chosc, agus cuidíonn an méid sin linn todhchaí níos cuimsithí agus níos inmhianaithe a mhúnlú do chách."


coincréiteacha, réalaíocha a chur ar fáil, moltaí ar féidir iad a chur chun feidhme, ach tá mé muiníneach agus dóchasach maidir le Seisiún 3."

## An deireadh seachtaine trí shúile Sylvain

Is éascaitheoir grafach é Sylvain, agus coinníonn sé taifead físiúil ar fhorbairt an phlé ag an bPainéal. Tá léargas thíos ar a thuairimí faoin deireadh seachtaine:






# Meabhrúchán: Cuspóirí na dtrí sheisiún

- **Seisiún 1, 5-7 Aibreán:** Forbraíonn saoránaigh comhthuiscint ar an bhfuath agus ar raon feidhme an Phainéil Saoránach, trí chomhroinnt le cainteoirí seachtracha, éisteacht le teistiméireachtaí, agus plé le saineolaithe. I dteannta a chéile, déanann saoránaigh cúiseanna an fhuatha a shainaithint, chomh maith le réimsí gníomhaíochta lena bhféadfaí an fuath sa tsochaí a chomhrac.

- **Seisiún 2, 26-28 Aibreán**: Agus iad ag tógáil ar an obair a rinneadh i Seisiún 1, forbraíonn na saoránaigh smaointe maidir le fadhb an fhuatha sa tsochaí a chomhrac, smaointe a bhíonn ina ndréachtmholtaí ansin.

- **Seisiún 3, 17-19 Bealtaine:** Cuireann na saoránaigh an dlaoi mhullaigh ar a gcuid smaointe agus moltaí. Ar deireadh, iompófar na smaointe sin ina moltaí críochnaitheacha agus cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh iad.